Dáta	Leibhéal ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Corpoideachas

Snáithe Cluichí	Snáithaonad Cluichí a Cheapadh agus a Imirt. Cluichí a Chiallú agus a Léirthuiscint.

Teideal
Cluiche Bhiashlabhra na Mara.

Cuspóir(í)
Is é aidhm an phlean ceachta ná go n-imreoidh na leanaí cluichí clóis agus go bhfoghlaimeoidh siad faoi bhiashlabhra na mara ag an am céanna.

Cuspóirí foghlama	Gníomhaíochtaí foghlama
Cuirfear ar chumas an linbh: Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taitneamhacha réamhaclaíochta. Foghlaim faoi bhiashlabhra an aigéin. Páirt a ghlacadh i gcluiche taitneamhach clóis, rud ina dteagascfar biashlabhra na mara dóibh. Suaimhneas a ghlacadh trí ghníomhaíocht iaraclaíochta.	**Cur Chuige faoi Threoir/Labhairt agus Plé:** Ag tús an cheachta, déan plé ar bhiashlabhra an aigéin leis na leanaí. B'fhiú roinnt pictiúr de dhúile farraige a bheith réidh agat lena dtaispeáint do na leanaí. Tugann biashlabhra deis dúinn dúile éagsúla a chónaíonn san aon ghnáthóg a roinnt ina leibhéil éagsúla. Tá na dúile i ngach leibhéal ag brath ar na dúile sna leibhéil faoina mbun mar fhoinse bhia. Is iad atá le fáil sa bharrchiseal de bhiashlabhra an aigéin ná creachadóirí gasta móra amhail siorcanna agus éin farraige. Is iad atá sa chéad leibhéal eile ná ainmhithe feoiliteacha níos lú amhail doingean mara, ochtapas agus sliogiasc feoiliteach. Is iad ainmhithe a itheann plandaí le haghaidh cothaithe atá sa chéad leibhéal eile. Áirítear leo sin éisc an-bheag, smugairle róin, sliogiasc agus zóplanctón (ainmhithe micreascópacha an-bheag). Is iad atá sa leibhéal is ísle ná plandaí, a fhaigheann a gcuid fuinnimh ón ngrian. Áirítear leo sin plandaí an-bheag ar a dtugtar fíteaplanctón, mar aon le feamainn agus algaí.

	Tabhair tús eolais do na daltaí faoin dá shampla de bhiashlabhraí mara faoi iamh. **Cur Chuige faoi Threoir:** Cuir na leanaí ina seasamh in aghaidh balla. Pléigh na gnéithe sábháilteachta de cheacht corpoideachais leo. Gné ríthábhachtach de gach ceacht corpoideachais is ea dea-iompar agus dea-chomhoibriú i measc na leanaí. Tabhair treoir do na leanaí boilgeog spáis a aimsiú, áit nach féidir leo teagmháil le duine ar bith eile agus iad sínte amach. Gníomhaíocht thaitneamhach réamhaclaíochta is ea a bheith ag scipeáil thart agus tú sínte amach. Má theagmhaíonn tú le duine ar bith, pléascfaidh do bhoilgeog. Scairt amach ainmneacha roinnt dúile farraige agus iarr ar na leanaí bogadh mar a bheadh na dúile sin ann. Nuair a bheidh na leanaí réidh, bog ar aghaidh chuig an gcéad chuid eile den cheacht. **Fionnachtain faoi Threoir/ Comhtháthú:** Imir leagan den chluiche 'The Farmer in the Dell' leis an rang chun an t-eolas atá acu ar an mbiashlabhra a dhaingniú. Cuir gach duine de na leanaí ina seasamh i gciorcal. Iarr orthu breith ar lámha a chéile agus céim a ghlacadh amach chun a chinntiú go bhfuil go leor spáis ag gach duine. Cuir leanbh ag barrleibhéal an bhiashlabhra. Is féidir leis/léi an t-ainmhí atá ann/inti a roghnú agus gníomhóidh sé/sí mar an t-ainmhí sin i lár an chiorcail ansin. A luaithe a bheidh an leanbh ina s(h)easamh i lár an chiorcail, tosóidh na leanaí eile ag bogadh ar tuathal, agus iad ag scipeáil agus ag canadh: 'Tá an _____ ag snámh san fharraige, Tá an _____ ag snámh san fharraige, Splis, splais, splis, splais, Tá an _____ ag snámh san fharraige.' Déanfaidh an chéad leanbh duine eile a

	roghnú ón gcéad leibhéal eile ansin. Is é an chéad leanbh a roghnóidh an dúil sin. Is é ____ a roghnaigh ____. Déanfar an rud céanna do na ceithre leibhéal freisin. I measc samplaí de dhúile ó na leibhéil sin, tá deilf, scadán, smugairle róin agus fíteaplanctón. Ceann ar cheann, déanfaidh na dúile sin iarracht éalú ón gciorcal ach brú trí bheirt a bhfuil a lámha nasctha le chéile. Is féidir an cluiche sin a imirt roinnt uaireanta éagsúla. **Gníomhaíocht iaraclaíochta:** Fillfidh na leanaí ar a mboilgeog spáis ansin. Tabharfaidh na leanaí faoi roinnt síntí agus gníomhaíochtaí análaithe éagsúla. Mar shampla, déanfaidh siad iad féin chomh mór le míol mór agus chomh beag le gupaí; análóidh siad aer na farraige; séidfidh siad boilgeoga; agus cleachtfaidh siad teicnící análaithe.
	Acmhainní Spás Pictiúir (Faoi iamh).
Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.	
Measúnú Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.	
Nascadh agus Comhtháthú Eolaíocht: Iarr ar na daltaí féachaint ar íomhá de “Biashlabhraí na Mara” ar an gClár Bán Idirghníomhach. Cé mhéad ainmhí éagsúil atá ann? Na hAmharcealaíona: Agus cré á húsáid acu, tógfaidh na daltaí samhail de cheann de na dúile mara ina mbiashlabhra. Béarla: Léigh an scéal “This is the Sea that feeds us” le Robert Baldwin do na daltaí.	

Samplaí de Bhiashlabhraí na Mara

	
Bíonn Feamainn agus Fíteaplanctón á n-ithe ag	Bíonn Feamainn agus Fíteaplanctón á n-ithe ag
an mBairneach. Bíonn an Bairneach á ithe ag	na hÉisc Bheaga. Bíonn na hÉisc Bheaga á n-ithe ag
an gCuachma Chon. Bíonn an Chuachma Chón á hithe ag	an Ochtapas. Bíonn an tOchtapas á ithe ag

an Éan (Sléibhín Meánmhuirí). Bíonn an tÉan á ithe ag	an Siorc